



Preasráiteas

Lucsamburg, 23 Bealtaine 2022

Ní bhaintear go leor úsáide as dúliostú chun cistí AE a chosaint i gcoinne na calaoise

Ní úsáidtear dúliostú go héifeachtach chun cosc a chur ar chistí AE a bheith á n-íoc chuig daoine aonair, gnólachtaí nó eagraíochtaí poiblí atá bainteach le gníomhartha neamhdhleathacha amhail calaois agus éilliú, dar le tuarascáil nua ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Is beag ainm atá dúliostaithe ag an gCoimisiún mar gheall ar laigí sna socruithe chun iad siúd a shainaithint ar cheart dóibh a bheith eisithe ó iarratas a dhéanamh ar chistí AE. Ina theannta sin, níl sé de cheangal ar Bhallstáit – cé go gcuireann siad an chuid is mó de chaiteachas AE chun feidhme – córais dhúliostaithe a chur ar bun *per se* agus tá cuir chuige éagsúla acu maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Baineann an meascán de shocruithe eisiaimh an bonn ó éifeachtacht fhoriomlán an dúliostaithe agus is é an toradh a bhíonn air ná cosaint mhíchothrom ar bhuiséad an Aontais ar fud na hEorpa.

Is príomhuirlis é “dúliostú” – nó eisiaimh – a úsáideann rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun a gcistí a chosaint. Ó 2016, tá córas luathbhraite agus eisiaimh (EDES) – an t-aon chóras eisiaimh ar leibhéal an aontais – á fheidhmiú ag an gCoimisiún chun aird a tharraingt ar chontrapháirtithe rioscúla dóibh siúd atá freagrach as an gcaiteachas a údarú a bhainistíonn an gCoimisiún, go díreach nó le comhpháirtithe. Níl feidhm ag EDES i réimsí amhail talmhaíocht agus comhtháthú, atá faoi bhainistíocht chomhroinnte ag an gCoimisiún agus na Ballstáit agus arb ionann iad agus formhór chaiteachas an Aontais.

“Is féidir le dúliostú cuidiú lena áirithiú nach bhfaighidh na daoine míchearta seilbh ar chistí AE, ach níl úsáid éifeachtach á baint as: tá meascán de chuir chuige éagsúla againn i dtaobh an eisiaimh ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát” arsa Helga Berger, an Comhalta CIE atá i gceannas ar an iniúchadh. *“Ar an lámh eile, níl na sonraí ábhartha ar fáil, nó níl siad in úsáid, i dtiomsú dhúliosta an Aontais, rud a bhaineann an bonn óna úsáideacht agus a éifeacht dhíspreagthach. Ní bhíonn córas chomh maith ach leis an bhfaisnéis a ionchuirtear ann,”* a dúirt sí freisin.

Fuair na hiniúchóirí amach go bhfuil nósanna imeachta cinnteoireachta láidre ag EDES agus go bhfuil réimse leathan de chásanna ann inar cheart contrapháirtithe a dhúliostú. As na 448 gcontrapháirtí a bhí ainmnithe ar dhúliosta an Aontais ag deireadh 2020, áfach, gach ceann seachas 18 díobh dúliostaithe mar gheall ar fhéimheacht – agus is neamhdhóchúil go ndéanfaidís iarratas ar chistí AE arís ar scor ar bith – agus níor dúliostaíodh ach dhá cheann mar gheall ar chalaos agus éilliú. Dar leis na hiniúchóirí, tá an ráta íseal dúliostaithe seo ann mar gheall ar easnaimh sna socruithe maidir le contrapháirtithe i gcásanna eisiaimh a shainaithint. Go háirithe, tá an fhreagracht as eisiaimh ilroinnte ar fud an Choimisiúin. Tá deacrachtaí dlíthiúla agus teicniúla

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

roimh ranna an Choimisiúin i dtaca le rochtain a fháil ar shonraí na mBallstát amhail cláir gnólachtaí nó taifid choiriúla, a mbíonn orthu brath orthu go minic mar gheall nach bhfuil aon chlár ná taifid uile-Aontais ann. Ach fiú i gcásanna inarb ann do shonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais, mar shampla maidir le himsrúduithe calaoise, ní i gcónaí a úsáidtear na sonraí sin ná go mbíonn siad inúsáidte. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag brath an iomarca ar fhocal iad siúd a dhéanann iarratas ar dheontais nó a chuireann seirbhísí ar fáil: má dhearbhaíonn siad nach bhfuil siad in aon chás eisiaimh, glacann an Coimisiún lena n-éileamh gan ghrinnfhiosrúchán a dhéanamh orthu. Dar leis na hiniúcháirí, laghdaíonn an méid sin an dóchúlacht go sainaitheofaí go bhfuil contrapháirtí i gcás eisiaimh sula sínítear comhaontú, agus go gcuirfeadh sé an príomhchuspóir atá le córas bunaithe ar chosc ar neamhní.

I gcásanna ina gcuireann an Coimisiún caiteachas an Aontais chun feidhme go díreach, is beag cás eisiaimh a thuairiscigh contrapháirtithe cur chun feidhme, go príomha mar gheall ar fhadhbanna atá comhchosúil leo sin sa bhainistíocht dhíreach. A mhéid a bhaineann le réimsí faoi bhainistíocht chomhroinnte le Ballstáit, deir na hiniúcháirí go bhfuil meascán d'oibleagáidí dlíthiúla maidir le heisiamh i bhfeidhm faoi láthair, rud nach bhfuil ina bhunús éifeachtach chun eisiaimh a úsáid chun buiséad an Aontais a chosaint. Níl aon shásra eisiaimh ann ar leibhéal an Aontais ach oiread, agus d'fhéadfadh sé go gcaithfí ar bhealaí éagsúla le contrapháirtithe i gcásanna comhchosúla mar gheall ar an easpa comhleanúnachais ar fud na mBallstát. Molann na hiniúcháirí EDES a leathnú chuig cistí a bhainistíonn na Ballstáit agus réimse na gcontrapháirtithe inesiata a fhairsingiú chun cleamhnaithe agus úinéirí tairbhiúla a áireamh. Molann siad freisin úsáid níos fearr a bhaint as sonraí agus uirlisí digiteacha.

Faisnéis chúlra

Faoi dhlí an Aontais, ní mór don Choimisiún Eorpach, dá chomhpháirtithe agus d'údaráis na mBallstát buiséad an Aontais a chosaint ó chalaos agus neamhrialtachtaí. Cuidíonn dúliostú le heagraíochtaí dul i mbun comhaontuithe airgeadais le contrapháirtithe neamhiontaofa a dhéanann iarratas ar dheontais agus conarthaí a sheachaint. Bainistíonn an Coimisiún an ceathrú cuid de chaiteachas an Aontais ina aonair nó le comhpháirtithe amhail an Banc Eorpach Infheistíochta, agus an trí cheathrú eile in éineacht leis na Ballstáit. In 2020, d'íoc an Aontas thart ar €150 billiún faoi chomhaontuithe airgeadais chuig feirmeoirí, taighdeoirí, fiontair thráchtála, ENRanna agus eile nach iad. Is beag contrapháirtí a ndéanann an tAontas eisiaimh orthu i gcomparáid le rialtas cónaidhme SAM agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda. Ní raibh córas eisiaimh lánfheidhme do chistiú AE bunaithe ag aon cheann de na tíortha a scrúdaíodh i rith an iniúchta seo (an Eastóin, an Iodáil, an Pholainn agus an Phortaingéil).

Tá tuarascáil speisialta 11/2022, “Buiséad an Aontais a chosaint – Úsáid níos fearr a bhaint as dúliostú”, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte (eca.europa.eu). Tá na moltaí iniúcháireachta ceaptha chun cabhrú le reachtóirí AE rialacha airgeadais an Aontais a nuashonrú, próiseas atá fós ar siúil faoi láthair.

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547